C/2026/4853

18.9.2026

CINNEADH Ó ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA

an 20 Iúil 2026

i ndáil leis na rialacha is infheidhme maidir le Saineolaithe Náisiúnta ar iasacht chuig an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí

ADMIN(2026) 18

(C/2026/4853)

TÁ ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrúchán agus oibriú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. Foráiltear le hAirteagal 6(3) de Chinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrúchán agus oibriú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí ('an Cinneadh ón gComhairle') go bhféadfaidh an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí ('SEGS'), i gcásanna sonracha, dul ar iontaoibh líon teoranta saineolaithe náisiúnta speisialaithe ar iasacht ('SNInna').

2. Is gá na rialacha atá i gCinneadh HR(2014) 01 ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 4 Feabhra 2014 lena mbunaítear na rialacha is infheidhme maidir le Saineolaithe Náisiúnta ar iasacht chuig an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, arna leasú le Cinneadh HR(2014) 11 an 16 Nollaig 2014, a thabhairt cothrom le dáta agus an taithí chuiditheach a fuarthas le bainistiú SNInna le 12 bhliain anuas á cur san áireamh.

3. Trí shaineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht, ba cheart go mbeadh SEGS in ann leas a bhaint as an ardleibhéal eolais agus taithí gairmiúla a gheobhaidh siad, go háirithe i réimsí nach bhfuil an saineolas sin ar fáil go héasca laistigh de SEGS féin. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, is iomchuí coinníollacha a chinneadh maidir le SNInna a thabhairt ar iasacht lena n-áiritheofar go mbeidh an saineolas is gá acu ar an leibhéal iomchuí. Is gá a áirithiú freisin go mbeidh na saineolaithe ar iasacht nasctha go gníomhach lena máthair-riarachán náisiúnta nó lena máthaireagraíocht.

4. Cé gur cheart do SEGS tús áite a thabhairt do shaineolas a mhealladh ó riaracháin phoiblí Bhallstáit an Aontais, d'fhéadfadh sé a bheith chun leasa na seirbhíse freisin glacadh, i gcásanna eisceachtúla, le baill foirne ó eagraíochtaí idirnáisiúnta nó ó eagraíochtaí neamhbhrabúsacha ó Bhallstáit an Aontais, amhail ionaid taighde, ollscoileanna nó meithleacha machnaimh. D'fhéadfadh sé a bheith chun leasa na seirbhíse freisin glacadh le baill foirne ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad. Ba cheart iasachtaí eisceachtúla mar sin a mheas go cúramach, chun a áirithiú nach gcuirfidh leasanna príobháideacha ná leasanna eile leasanna an Aontais i mbaol.

5. Leis na rialacha maidir le SNInna a roghnú, ba cheart trédhearcacht níos fearr, cothromaíocht leordhóthanach gheografach agus inscne, agus próiseas roghnúcháin bunaithe ar fhiúntas a áirithiú.

6. Ba cheart a áirithiú le coinníollacha fostaíochta SNInna go ndéanfar iad a lánpháirtiú go hiomlán in SEGS, gan dochar do shainiúlachtaí a stádais. Sa chomhthéacs sin, ba cheart bainisteoirí líne a spreagadh chun idirphlé bliantúil a eagrú le SNInna atá faoina bhfreagracht, chun aiseolas a thabhairt dóibh maidir lena bhfeidhmíocht agus chun labhairt leo faoina dtimpeallacht oibre.

7. Ba cheart béim a leagan ar chúrsaí eitice agus go háirithe ar choinbhleachtaí leasa a chosc a d'fhéadfaí a shainaithint le linn an phróisis roghnúcháin, agus litreacha á malartú nó le linn na tréimhse iasachta féin. Ba cheart na hoibleagáidí sin a bheith cosúil leis na hoibleagáidí d'oifigigh SEGS faoi Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (na 'Rialacháin Foirne'), chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh SNInna a ndualgais chun leasa SEGS amháin.

8. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le forálacha i ndáil leis an iasacht a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh chun soiléireacht níos fearr a chur ar fáil.

([1]) IO L 201, 3.8.2010, lch. 30.

9. Is iomchuí cead a thabhairt do SNInna tairbhe a bhaint as saoire tuismitheora faoina rialacha náisiúnta nó faoi rialacha a gcuid fostóirí, tríd an iasacht a chur ar fionraí gan phá.

10. Agus dualgas cúraim SEGS á chur san áireamh, ba cheart cosaint níos éifeachtúla do SNInna ar chiapadh síceolaíoch agus gnéasach de réir bhrí Airteagal 12(a)(3) agus (4) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh a leagan amach. Ba cheart na rialacha is infheidhme ag SEGS maidir le hoifigigh i dtaobh iarrataí ar chúnamh faoi Airteagal 24 de na Rialacháin Foirne agus a bhforálacha cur chun feidhme a bheith infheidhme de réir analaí maidir le SNInna.

11. Is é an fostóir is mó atá freagrach i gcónaí as aon liúntais chothaithe nó liúntais dálaí maireachtála le linn thréimhsí iasachta saineolaithe náisiúnta chuig SEGS; dá bhrí sin, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le liúntais a bheidh le deonú ag SEGS do SNInna ach amháin sa mhéid nach bhfuil aon liúntais choibhéiseacha íoctha cheana féin ag an bhfostóir. I gcás aon dúbailt, is faoi SEGS atá sé na méideanna coibhéiseacha a dheonaítear ar an leibhéal náisiúnta a asbhaint ó liúntais arna ndeonú ag SEGS nó na liúntais dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a aisghabháil dá réir sin, go páirteach nó go hiomlán.

12. Ba cheart an teidlíocht ar liúntais laethúla a bheith bunaithe ar na critéir incháilitheachta chéanna leis an liúntas easaoránachta d'oifigigh SEGS dá dtagraítear in Airteagal 4 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

13. Ba cheart foráil speisialta a dhéanamh maidir le SNInna a shannfar do Thoscaireachtaí de chuid an Aontais. Níor cheart caitheamh le SNInna ó institiúidí éagsúla i dToscaireachtaí de chuid an Aontais ar bhealach éagsúil lena chéile, a mhéid is féidir, ach amháin má tá údar cuí leis agus má tá sé comhréireach.

14. I gcás aslonnú tíre, ba cheart tagairt a dhéanamh do na bearta airgeadais agus riaracháin is infheidhme maidir le SNInna.

15. Ba cheart stádas taidhleoireachta SNInna a chinneadh agus é á chur san áireamh an i gCeanncheathrú SEGS nó i dToscaireacht de chuid an Aontais a bheidh an iasacht.

16. Ba cheart forálacha speisialta a dhéanamh maidir le foireann mhíleata atá ar iasacht chuig SEGS chun dul isteach i bhFoireann Mhíleata an Aontais Eorpaigh ('EUMS') nó sa Stiúrthóireacht um Bainistiú Síochána, Slándála agus Cosanta.

17. Ba cheart, i bprionsabal, baill foirne mhíleata agus neamh-mhíleata ar iasacht a bheith faoi réir rialacha comhchosúla maidir le fad na hiasachta, chomh maith leis an tréimhse mharana.

18. Ba cheart go bhféadfaí Taidhleoirí Sóisearacha a bhfuil níos lú ná 3 bliana de thaithí ghairmiúil acu i seirbhísí taidhleoireachta Bhallstáit an Aontais a thabhairt ar iasacht chun a bhfeasacht ar bheartais eachtracha an Aontais a mhúscailt agus chun deis a thabhairt dóibh tuiscint níos fearr a fháil ar mhodhanna oibre SEGS agus ar phróisis chinnteoireachta an Aontais i réimse an chaidrimh eachtraigh.

19. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le hoifigigh gharchosanta a thabhairt ar iasacht do thoscaireacht de chuid an Aontais, go háirithe chun freastal ar chásanna nach féidir nó nach iomchuí dul ar iontaoibh cuideachtaí slándála príobháideacha, lena n-áirítear mar gheall ar shrianta faoin dlí áitiúil. Go ginearálta, ba cheart an teideal taidhleoireachta '*Attaché*' a thabhairt do na hoifigigh gharchosanta ar iasacht, mura gcomhaontaítear a mhalairt i gcás ar leith.

20. Ba cheart forálacha a dhéanamh maidir leis na rialacha is infheidhme maidir le Comhairleoirí Míleata a roghnú agus a thabhairt ar iasacht.

21. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le Pearsanra na bhFórsaí Slándála a thabhairt ar iasacht do Chumas Faire EUMS, tar éis do Bhallstáit an Aontais feidhmeanna slándála a thionscnamh de réir a chéile, feidhmeanna a bhí forchoimeádta roimhe seo don fhoireann mhíleata, do phearsanra neamh-mhíleata a bhfuil saineolas comhchosúil acu.

22. Ba cheart a shoiléiriú go leanfaidh gach SNI de bheith faoi réir a rialacha náisiúnta araíonachta,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Raon feidhme agus sainmhínithe

1. Tá feidhm ag an gCinneadh seo maidir le saineolaithe náisiúnta ar iasacht chuig an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí ('SEGS') ó riaracháin phoiblí Bhallstáit an Aontais, dá ngairtear saineolaithe náisiúnta ar iasacht ('SNInna') anseo feasta.

2. I gcásanna eisceachtúla, arna n-údarú ar mhaithe leis an tseirbhís ag an Ard-Stiúrthóir um Bainistiú Acmhainní dá dtagraítear in Airteagal 4(3)(a), an dara fomhír, de Chinneadh 2010/427/AE ón gComhairle ('an tArd-Stiúrthóir um Bainistiú Acmhainní'), beidh feidhm ag an gCinneadh seo freisin maidir le saineolaithe atá ar iasacht chuig SEGS ag:

(a) riaracháin phoiblí tíortha nach Ballstáit den Aontas iad; nó

(b) eagraíochtaí idirnáisiúnta; nó

(c) eagraíochtaí neamhbhrabúis atá bunaithe i mBallstáit an Aontais, amhail ionaid taighde, ollscoileanna agus meithleacha machnaimh.

Déanfar tagairt freisin, chun críocha an Chinnidh seo, do shaineolaithe a bhfuil a n-iasacht údaraithe faoin mír seo mar 'SNInna'.

3. Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

— ciallaíonn 'Toscaireacht de chuid an Aontais' Toscaireacht nó Oifig ionadaíoch de chuid an Aontais chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta, de réir bhrí Airteagal 221 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);

— ciallaíonn 'fostóir' riarachán poiblí an Bhallstáit den Aontas nó na tíre nach Ballstát den Aontas í, nó an eagraíocht idirnáisiúnta, nó an eagraíocht neamhbhrabúsach a fhostaíonn an saineolaí ar iasacht chuig SEGS i gcomhréir leis an gCinneadh seo;

— ciallaíonn 'riarachán poiblí' gach seirbhís riaracháin ar leibhéal lárnach, feidearálach agus réigiúnach an Bhallstáit nó na tíre nach Ballstát den Aontas í, lena n-áirítear go háirithe aireachtaí, seirbhísí rialtais agus parlaiminte agus seirbhísí riaracháin na n-údarás áitiúil agus na ngníomhaireachtaí, chomh maith le seirbhísí riaracháin díláraithe an Stáit agus na n-údarás sin.

Airteagal 2

Coinníollacha maidir le hiasacht

1. Beidh an méid seo a leanas fíor maidir le saineolaí is iarrthóir ar an dáta a léiríonn siad spéis san iasacht:

(a) beidh náisiúntacht acu i mBallstát den Aontas, mura ndeonaíonn an tArd-Stiúrthóir um Bainistiú Acmhainní maolú ar chúiseanna a bhfuil údar cuí leo chun leas na seirbhíse. Is do phoist sa Bhruiséil amháin a d'fhéadfadh SNI an maolú sin a fháil;

(b) beidh leibhéal oideachais acu arb ionann é agus 3 bliana de staidéar ollscoile críochnaithe ar a laghad, a bhfuil dioplóma ann lena fhianú, nó i gcás ina bhfuil údar maith leis chun leas na seirbhíse, oiliúint ghairmiúil ar leibhéal coibhéiseach;

(c) beidh taithí lánaimseartha 3 bliana ar a laghad acu ar fheidhmeanna riaracháin, eolaíochta, teicniúla, comhairleacha nó maoirseachta atá coibhéiseach, de réir mar is iomchuí, le feidhmeanna ghrúpaí feidhme AD nó AST i Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (na 'Rialacháin Foirne');

(d) beidh siad i seirbhís ghníomhach a bhfostóra ar bhonn buan nó ar bhonn conartha;

(e) beidh sé ar a gcumas acu oibriú i dteangacha an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES) agus le cúrsaí caidrimh sheachtraigh ([2]) ar an leibhéal is gá chun a ndualgais a chomhlíonadh, mura bhforáiltear a mhalairt i socrú riaracháin maidir le catagóirí sonracha SNInna a thabhairt ar iasacht;

(f) na rialacha maidir le ceanglais imréitigh slándála is infheidhme maidir le SEGS a chomhlíonadh ([3]).

2. Mura gcomhlíonfaidh SNI aon cheann de na coinníollacha sin le linn a n-iasachta, beidh SEGS i dteideal an iasacht a fhoirceannadh de bhun Airteagal 10(2)(b).

3. Scrúdóidh SEGS an bhfuil aon choinbhleacht leasa nó leas pearsanta iarbhír nó féideartha ag iarrthóirí a d'fhéadfadh cur isteach ar a neamhspleáchas. Chuige sin, cuirfidh iarrthóirí SEGS ar an eolas, trí úsáid a bhaint as foirm thiomnaithe, faoi aon choinbhleacht leasa iarbhír nó féideartha, agus a staid ghairmiúil agus imthosca a dteaghlaigh á gcur san áireamh freisin, go háirithe gníomhaíochtaí gairmiúla a dteaghlaigh nó a leasanna airgeadais féin nó leasanna airgeadais a dteaghlaigh. Ar bhonn an mheasúnaithe a dhéanfar, féadfaidh SEGS a chinneadh gan dul ar aghaidh leis an iasacht.

Airteagal 3

Roghnú

1. Glacann SEGS le hiasacht SNInna faoi réir a riachtanas sonrach agus a bhféidearthachtaí buiséadacha.

2. Údaróidh an tArd-Stiúrthóir um Bainistiú Acmhainní foilsiú glao ar léiriú spéise le haghaidh post SNI, tar éis an leithdháileadh buiséid atá ar fáil don phost a fhíorú. Seolfar an glao ar léiriú spéise chuig Buanionadaíochtaí Bhallstáit an Aontais agus/nó, i gcás inarb infheidhme, chuig na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(2). Léireofar sa ghlao ar léiriú spéise uimhir an phoist, tuairisc ar an bpost, suíomh na hiasachta, na coinníollacha maidir le hiasacht, na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin agus an sprioc-am chun léiriú spéise a chur isteach.

3. Is bord roghnúcháin arna cheapadh ag Ceann na Rannóige atá i gceannas ar roghnú agus earcú a stiúrfaidh an nós imeachta roghnúcháin agus beidh Ceann na Rannóige nó Ceann na Toscaireachta a mbeidh an SNI le sannadh ann ina chathaoirleach air. Ar gach painéal beidh triúr ball foirne as SEGS, ar a laghad, agus beidh siad ar an leibhéal iomchuí. Beidh ar a laghad fear amháin agus bean amháin ar gach painéal freisin. Bunóidh an painéal roghnúcháin liosta iarrthóirí a chuirfear faoi agallamh ar bhonn na gcoinníollacha a leagtar amach sa ghlao ar léiriú spéise agus i gcomhréir le beartas comhdheiseanna SEGS. Cuirfidh an bord roghnúcháin a mholtaí faoi bhráid an Stiúrthóra atá freagrach as acmhainní daonna, agus déanfaidh an Stiúrthóir sin cinneadh críochnaitheach maidir leis an roghnú.

4. Oibreoidh Ballstáit an Aontais agus SEGS i gcomhar le chéile chun a áirithiú, a mhéid is féidir, go mbeidh iasacht SNInna chuig SEGS bunaithe ar fhiúntas, agus cothromaíocht leordhóthanach gheografach agus inscne á soláthar ag an am céanna, go háirithe chun láithreacht fhóinteach náisiúnach ó Bhallstáit uile an Aontais a áirithiú.

5. In imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo agus chun leas na seirbhíse, féadfaidh an tArd-Stiúrthóir um Bainistiú Acmhainní roghnú SNI a údarú gan na nósanna imeachta a leagtar amach i míreanna 2 agus 3 a leanúint.

6. An nós imeachta roghnúcháin le haghaidh SNInna a shannfar do Lárionad Faisnéise agus Staide an Aontais Eorpaigh ('EU INTCEN'), déanfaidh seirbhís faisnéise nó slándála an Bhallstáit den Aontas lena mbaineann agus EU INTCEN é a thabhairt ar iasacht go comhpháirteach, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos san fhomhír seo a leanas.

Molann seirbhís faisnéise nó slándála Bhallstáit an Aontais lena mbaineann, trí chomhfhreagras oifigiúil le EU INTCEN, saineolaí i réimse sonrach saineolais, agus riachtanais EU INTCEN á gcur san áireamh, riachtanais a dtabharfaidh EU INTCEN fógra ina leith go tréimhsiúil do Bhallstáit uile an Aontais. Tar éis dó an t-iarrthóir molta a chur faoi agallamh, cuireann EU INTCEN a mholadh isteach agus seolann sé an doiciméadacht riachtanach go léir, lena n-áirítear comhfhreagras leis an tseirbhís faisnéise nó slándála, chuig an Stiúrthóir atá freagrach as acmhainní daonna, a dhéanann cinneadh deiridh maidir leis an roghnú.

([2]) Béarla agus Fraincis.

([3]) Cinneadh ADMIN(2025) 42 ó Ardrúnaí na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí an 20 Samhain 2025 maidir le Rialacha Cur Chun Feidhme agus Nósanna Imeachta maidir le bearta Slándála Pearsanra chun Faisnéis Rúnaicmithe an Aontais a chosaint.

Airteagal 4

Malartú litreacha

1. Cuirfear saineolaí ar iasacht chuig SEGS chun feidhme trí mhalartú litreacha idir an Stiúrthóir atá freagrach as acmhainní daonna agus fostóir an tsaineolaí a ndéanfaidh Buanionadaíocht an Bhallstáit lena mbaineann ionadaíocht thar a cheann chun na críche sin, nó, i gcás inarb infheidhme, údarás na tíre nó na heagraíochta a liostaítear faoi Airteagal 1(2) a chumhachtaítear chun na críche sin.

2. Cinnfear leis an malartú litreacha an áit/na háiteanna tionscnaimh agus suíomh/suíomhanna na hiasachta dá dtagraítear in Airteagal 6(1), tuairisc ar an bpost, an bhfuil réamhoiliúint éigeantach, an leibhéal imréitigh slándála is gá, oibleagáidí an fhostóra agus fad na hiasachta lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, dáta tosaigh táscach na hiasachta. Sonrófar sa mhalartú litreacha freisin an bhfuil an iasacht saor ó chostas de bhun Chaibidil V nó an bhfuil sí cómhaoinithe idir SEGS agus an fostóir.

3. De bhreis ar dhearbhú ón SNI maidir le coinbhleachtaí leasa iarbhír nó féideartha de bhun Airteagal 2(3) agus i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 8, deimhneofar leis an malartú litreacha nach bhfuil aon eolas ag an bhfostóir ar aon choinbhleacht leasa iarbhír nó fhéideartha.

4. Sa mhalartú litreacha, geallfaidh an fostóir go gcoinneoidh sé an SNI mar fhostaí, mar aon lena dtuarastal comhfhreagrach agus a gcearta sóisialta comhfhreagracha (lena n-áirítear slándáil shóisialta i gcomhréir le hAirteagal 11, árachas breoiteachta agus cearta pinsin), ar feadh na hiasachta, agus staonfaidh sé ó fhaisnéis a threorú nó a iarraidh ón SNI maidir lena gcuid oibre le SEGS ar bhealach ar bith, ach amháin má tá an fhaisnéis sin ar fáil go dleathach cheana féin.

Airteagal 5

Fad na hiasachta

1. D'ainneoin aon dáta táscach a fhéadfar a lua sa mhalartú litreacha faoi Airteagal 4, is é dáta tosaigh na hiasachta an chéad lá seirbhíse ag suíomh na hiasachta. Cuirfidh Ceann na Rannóige atá i gceannas ar roghnú agus earcú an dáta sin in iúl go foirmiúil don fhostóir agus don SNI.

2. Ní rachaidh tréimhse thosaigh na hiasachta thar 4 bliana agus féadfar síneadh a chur léi díreach ina diaidh suas le tréimhse nach faide ná 4 bliana san iomlán. Arna iarraidh sin don Stiúrthóir Bainistíochta ábhartha nó dá leithéid sin, féadfaidh an Stiúrthóir atá freagrach as acmhainní daonna, i gcásanna eisceachtúla agus chun leas na seirbhíse, síneadh amháin nó níos mó ar an iasacht a údarú ar feadh 2 bhliain eile ar a mhéad ag deireadh na tréimhse 4 bliana. Ní rachaidh uasfhad iomlán na hiasachta thar 6 bliana i gcás ar bith.

3. Comhaontófar síneadh na hiasachta dá dtagraítear i mír 2 trí mhalartú nua litreacha.

4. Rachaidh tréimhse nach lú ná 2 bhliain in éag idir deireadh na tréimhse roimhe sin ina raibh saineolaí ar iasacht agus a iasacht nua chuig SEGS.

De mhaolú ar an bhfomhír roimhe seo, féadfaidh an Stiúrthóir atá freagrach as acmhainní daonna glacadh go heisceachtúil le hiasacht saineolaí níos lú ná 2 bhliain tar éis dheireadh a gcéad tréimhse iasachta nuair a mhair an chéad tréimhse iasachta sin níos lú ná 6 bliana. Sa chás sin, ní rachaidh an iasacht nua thar an gcuid atá fágtha den tréimhse iomlán 6 bliana.

Airteagal 6

Suíomh na hiasachta agus an áit tionscnaimh

1. Chun críocha an Chinnidh seo:

(a) is éard a bheidh i 'suíomh na hiascachta' an áit a gceanglaítear ar an SNI dualgais a chomhlíonadh do SEGS, arna cinneadh de réir analaí le hAirteagal 20 de na Rialacháin Foirne agus lena fhorálacha cur chun feidhme arna nglacadh ag SEGS; dá bhrí sin, is í an Bhruiséil a bheidh i gceist, nó an áit ina bhfuil Toscaireacht an Aontais dá sannfar an SNI lonnaithe;

(b) is éard a bheidh san 'áit tionscnaimh' ceanncheathrú an fhostóra.

2. Cinnfear suíomh na hiasachta agus an áit tionscnaimh sa mhalartú litreacha faoi Airteagal 4. Gan dochar do mhír 3, féadfar athrú ar shuíomh na iasachta a chomhaontú trí mhalartú litreacha eile, tar éis éisteacht a thabhairt don SNI lena mbaineann.

3. I gcás aslonnú Toscaireachta de chuid an Aontais arna ordú ag Údarás Slándála SEGS i gcomhréir le rialacha slándála ábhartha SEGS ([4]), féadfaidh Ceann na Rannóige atá i gceannas ar roghnú agus earcú an suíomh na hiasachta a athrú, tar éis cinneadh Údarás Slándála SEGS maidir leis an áit aslonnaithe a chur san áireamh. Mar a thagraítear dó in Airteagal 23(3), féadfaidh SEGS bearta breise airgeadais agus riaracháin a ghlacadh i gcás aslonnú SNI ó shuíomh na hiasachta. Cuirfear an fostóir ar an eolas faoi aon athrú ar shuíomh na hiasachta.

4. Tar éis athrú ar shuíomh na hiasachta de bhun mhíreanna 2 nó 3, féadfaidh SEGS na liúntais agus na costais a oiriúnú i gcomhréir le Caibidlí III agus IV, agus de bhun théarmaí comhaontaithe na hiasachta.

Airteagal 7

Tuairisc ar an bpost, cúraim agus dualgais

1. Tabharfaidh an SNI cúnamh do SEGS agus déanfaidh siad na cúraimí agus na dualgais a shanntar dóibh i gcomhréir leis an sainchuntas poist arna chinneadh sa mhalartú litreacha faoi Airteagal 4. Féadfar athruithe ar an sainchuntas poist nó ar an bpost le linn na hiasachta a chomhaontú trí mhalartú litreacha eile tar éis éisteacht leis an SNI lena mbaineann.

2. Tabharfaidh an SNI cúnamh don bhainisteoir líne dár sannadh iad agus tabharfaidh siad comhairle dó agus beidh siad freagrach dá mbainisteoir líne as na cúraimí agus na dualgais shannta a chomhlíonadh.

3. Féadfaidh SEGS a cheangal ar an SNI misin ghearrthéarmacha a dhéanamh nó freastal ar chruinnithe lasmuigh de shuíomh na hiasachta.

4. Mura n-údaróidh an Stiúrthóir atá freagrach as acmhainní daonna atá ag gníomhú ar thogra ó Stiúrthóir Bainistíochta na seirbhíse dá bhfuil an SNI sannta é, ní dhéanfaidh an SNI ionadaíocht thar ceann SEGS d'fhonn gealltanais a thabhairt, bídís ina ngealltanais airgeadais nó ná bíodh, thar ceann SEGS.

5. Féadfaidh an bainisteoir líne idirphlé bliantúil a eagrú leis an SNI chun aiseolas a thabhairt don SNI maidir lena bhfeidhmíocht agus chun an timpeallacht oibre, cuspóirí nó dúshláin oibre atá le teacht a phlé.

Airteagal 8

Cearta agus oibleagáidí SNInna

1. Le linn na hiasachta, déanfaidh an SNI an méid seo a leanas:

(a) beidh siad i dteideal na ndálaí oibre, na liúntas agus na gcostas a leagtar amach i gCaibidlí II, III agus IV, mura bhforáiltear a mhalairt;

(b) comhlíonfaidh siad a gcúraimí agus a ndualgais agus ní ghníomhóidh siad ach chun leasa an Aontais. Ní dhéanfaidh siad treoracha a lorg ná a ghlacadh óna bhfostóir ná ó aon rialtas, eagraíocht ná duine lasmuigh de SEGS, ná ní thabharfaidh siad faoi ghníomhaíochtaí dá bhfostóir ná d'aon rialtas, eagraíocht ná duine lasmuigh de SEGS. Comhlíonfaidh siad na dualgais a shanntar dóibh ar bhealach oibiachtúil agus neamhchlaonta de réir a ndualgais dílseachta don Aontas;

([4]) I bhfeidhm faoi láthair tá: Cinneadh ADMIN(2023) 18 ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 19 Meitheamh 2023 maidir leis na rialacha slándála don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí; Cinneadh ADMIN(2015) 33 ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 14 Meán Fómhair 2015 maidir le cumhachtaí i ndáil le hábhair Foirne, Airgeadais agus Riaracháin a fheidhmiú, a tharmligean agus a fho-tharmligean in SEGS; Cinneadh ADMIN(2015) 34 ón Ardrúnaí an 14 Meán Fómhair 2015 maidir le feidhmeanna slándála a fheidhmiú agus a fho-tharmligean in SEGS; Cinneadh DEC(2014) 008 ó Phríomhoifigeach Oibriúcháin SEGS an 11 Aibreán 2014 maidir le SEGS a bheith ag feidhmiú a dhualgais cúraim d'fhoirne i dToscaireachtaí de chuid an Aontais i gcás aslonnú tíre.

(c) a mbainisteoir líne a chur ar an eolas láithreach más rud é, le linn dóibh a ndualgais a chomhlíonadh, go bhfaigheann siad amach faoi choinbhleacht leasa iarbhír nó fhéideartha, nó go n-iarrtar orthu cinneadh a dhéanamh maidir le hábhar a láimhseáil nó maidir le toradh ábhair a bhfuil leas pearsanta acu ann, go díreach nó go hindíreach, a d'fhéadfadh cur isteach ar a neamhspleáchas, agus, go háirithe, do ghníomhaíochtaí gairmiúla a dteaghlaigh nó a leasanna airgeadais féin nó leasanna airgeadais a dteaghlaigh;

(d) ní dhéanfaidh siad aon ghníomh a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá sheasamh in SEGS, ná ní chuirfidh siad in iúl aon tuairim in iúl go poiblí a dhéanfadh amhlaidh;

(e) ní bheidh aon pháirt acu in aon saghas ciaptha shíceolaíoch nó ghnéasaigh;

(f) ní bheidh aon pháirt acu in aon ghníomhaíocht sheachtrach, bíodh sí íoctha nó ná bíodh, mura ndeonaíonn an fostóir agus an tArd-Stiúrthóir um Bainistiú Acmhainní údarú sainráite, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an mbainisteoir líne. Diúltóidh an tArd-Stiúrthóir um Bainistiú Acmhainní an t-údarú i gcás ina ndiúltófar don fhostóir, nó más rud é go gcuireann an ghníomhaíocht atá i gceist isteach ar chomhlíonadh a ndualgas nó go bhfuil sí ar neamhréir le leasanna SEGS nó, ar bhonn níos ginearálta, le leasanna an Aontais;

(g) ní nochtfaidh siad aon fhaisnéis go neamhúdaraithe a fuair siad agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu nó i dtaca lena ndualgais, mura bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí cheana nó mura ndeonaíonn an Stiúrthóir atá freagrach as acmhainní daonna údarú roimh ré. Ní fhéachfaidh an SNI le doiciméid nó faisnéis a fháil ach amháin nuair atá sé ábhartha agus riachtanach go díreach chun a ndualgais ghairmiúla a chomhlíonadh laistigh de SEGS, nó mura n-údaraíonn an bainisteoir líne é. Tá an ceart chun tuairimí a nochtadh ag an SNI, agus aird chuí á tabhairt acu ar phrionsabail na dílseachta agus na neamhchlaontachta, agus dá bhrí sin ní dhiúltófar cead a thabhairt ach amháin i gcás ina bhféadfadh an foilsiú atá beartaithe dochar a dhéanamh do leasanna an Aontais. Is le SEGS na cearta uile maidir le haon obair a dhéanfaidh SNI i gcomhlíonadh a ndualgas;

(h) cuirfidh siad fúthu ag suíomh na hiasachta, nó ní chuirfidh siad fúthu rófhada ón áit sin go gcuirfeadh sé isteach ar chomhlíonadh cuí a ndualgas;

(i) comhlíonfaidh siad na rialacha slándála atá i bhfeidhm ag SEGS;

(j) comhlíonfaidh siad na hoibleagáidí dlíthiúla agus cánach sa Stát glactha.

2. Leanfaidh an dualgas discréide faoi mhír 1(g) d'fheidhm a bheith aige tar éis dheireadh na hiasachta. Mura ndéanfar an SNI a athimeascadh i seirbhís a fhostóra, cuirfidh an SNI SEGS ar an eolas i scríbhinn.

3. Mura n-éiríonn leis an SNI na hoibleagáidí faoin airteagal seo a chomhlíonadh le linn nó, i gcás inarb ábhartha, tar éis dheireadh a n-iasachta, féadfaidh SEGS an fostóir a chur ar an eolas agus, má tá an iasacht fós ar siúl, féadfaidh sé í a fhoirceannadh i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(b).

Féadfar mainneachtain na n-oibleagáidí faoin airteagal seo a chomhlíonadh a chur san áireamh chun críocha Airteagal 28(c) de na Rialacháin Foirne agus Airteagal 12(2)(c) agus Airteagal 82(3)(c) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, i gcás ina gcuirfidh an SNI iarratais isteach amach anseo faoi cheann 3 bliana tar éis dheireadh a n-iasachta.

4. Ní mheasfar gur comhaltaí de mhisean taidhleoireachta iad SNInna arb í an Bhruiséil suíomh a n-iasachta agus, dá bhrí sin, ní bhainfidh siad tairbhe as pribhléidí agus díolúintí comhfhreagracha dá bhforáiltear i gcomhaontuithe bunaíochta, ach amháin má chinneann údaráis na Beilge a mhalairt go haontaobhach.

Airteagal 9

Fionraí iasachta

1. Féadfaidh an Stiúrthóir atá freagrach as acmhainní daonna, ar a thionscnamh féin, an iasacht a chur ar fionraí ar mhaithe leis an tseirbhís, tar éis dó éisteacht a thabhairt don SNI lena mbaineann. Tabharfar fógra cuí don fhostóir.

Ar iarraidh réasúnaithe ón SNI agus tar éis dul i gcomhairle leis an bhfostóir, féadfaidh an Stiúrthóir atá freagrach as acmhainní daonna an iasacht a chur ar fionraí ar feadh tréimhse nach lú ná mí amháin agus nach mó ná 3 mhí.

Sa dá chás, sonrófar sa chinneadh maidir leis an iasacht a chur ar fionraí na téarmaí is infheidhme maidir leis an bhfionraí.

2. Na liúntais dá dtagraítear in Airteagail 12(4), 17, 23(2) agus (3), an t-árachas comhlántach le haghaidh tionóiscí dá dtagraítear in Airteagal 11(3) agus an t-árachas cúraim sláinte dá dtagraítear in Airteagal 40(3), ní bheidh siad iníoctha le linn thréimhse fionraíochta na hiasachta.

3. Déanfar fad na fionraíochta ar an iasacht a chomhaireamh mar chuid d'fhad na hiasachta a chinnfear sa mhalartú litreacha faoi Airteagal 4 agus ní rachaidh sé thar fhad na hiasachta a comhaontaíodh ar dtús sa mhalartú litreacha sin.

4. De mhaolú ar mhír 3 agus gan dochar d'Airteagail 13 agus 15, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh réasúnaithe ón SNI nó ón bhfostóir, féadfaidh an Stiúrthóir atá freagrach as acmhainní daonna, tar éis leas na seirbhíse a chur san áireamh agus faoi réir chomhaontú an fhostóra, síneadh ar an iasacht a údarú ar feadh tréimhse suas le 3 mhí a chomhfhreagraíonn do thréimhse na fionraí.

Airteagal 10

Foirceannadh iasachta

1. Féadfaidh an Stiúrthóir atá freagrach as acmhainní daonna deireadh a chur leis an iasacht le fógra 3 mhí:

(a) ar mhaithe leis an tseirbhís, tar éis éisteacht a thabhairt don SNI agus fógra a thabhairt don fhostóir; nó

(b) arna iarraidh sin don SNI agus tar éis dul i gcomhairle leis an bhfostóir.

Féadfar an iasacht a fhoirceannadh freisin le cinneadh ón bhfostóir.

2. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Stiúrthóir atá freagrach as acmhainní daonna iasacht SNI a fhoirceannadh gan fógra:

(a) ar iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ón SNI ar fhorais leasanna ábhartha pearsanta nó gairmiúla, agus tar éis dul i gcomhairle leis an bhfostóir; nó

(b) tar éis dul i gcomhairle leis an Stiúrthóir Bainistíochta ábhartha nó lena choibhéis agus tar éis éisteacht a thabhairt don SNI, i gcás nach gcomhlíonann an SNI aon cheann de na coinníollacha maidir le hiasacht a leagtar amach in Airteagal 2 nó i gcás ina mainníonn an SNI d'aon ghnó nó le faillí a n-oibleagáidí faoin gCinneadh seo a chomhlíonadh, na coinníollacha a leagtar amach sa mhalartú litreacha, nó, i gcás inarb iomchuí, i socrú riaracháin. Tabharfar fógra cuí don fhostóir.

Féadfar an iasacht a fhoirceannadh freisin gan fógra trí chinneadh ón bhfostóir, mura bhforáiltear a mhalairt i socrú riaracháin.

CAIBIDIL II

COINNÍOLLACHA OIBRE

Airteagal 11

Slándáil shóisialach

1. Sula gcuirfear tús leis an iasacht, deimhneoidh an fostóir do SEGS go bhfanfaidh an SNI, le linn thréimhse na hiasachta, faoi réir na reachtaíochta slándála sóisialta is infheidhme maidir leis an riarachán poiblí nó leis an eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(2) ina bhfostaítear an SNI.

Chuige sin, i gcás SNInna a chumhdaítear le scéimeanna slándála sóisialta dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ([5]), déanfaidh an fostóir an fianú dá dtagraítear in Airteagal 19(2) de Rialachán Uimh. 987/2009 ([6]) a sholáthar don Stiúrthóir atá freagrach as acmhainní daonna.

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1).

Maidir le SNInna eile nach bhfuil a n-áit tionscnaimh lonnaithe i mBallstát den Aontas, déanfaidh an fostóir fianú a sholáthar don Stiúrthóir atá freagrach as acmhainní daonna, fianú atá coibhéiseach leis an bhfianú dá bhforáiltear faoi Airteagal 19(2) de Rialachán Uimh. 987/2009 agus lena ráthaítear go soláthraítear cumhdach leordhóthanach leis an reachtaíocht slándála sóisialta is infheidhme chun costais cúraim sláinte arna dtabhú thar lear a aisíoc.

2. Chun go sannfar SNInna do Thoscaireacht de chuid an Aontais, deimhneoidh an fostóir freisin go bhfuil árachas ag an SNI lena gcumhdaítear cúram sláinte ag suíomh na hiasachta, lena n-áirítear costais aisdúichithe ar fhorais sláinte, agus go bhfuil giuirléidí pearsanta cumhdaithe ag árachas in aghaidh gadaíochta.

3. Ó thús a n-iasachta, déanfaidh SEGS SNInna a chumhdach in aghaidh an riosca tionóisce trí pholasaí árachais comhlántach. Tabharfaidh SEGS cóip de théarmaí an chumhdaigh sin do SNInna ar an lá a dtuairisceoidh siad do SEGS chun na foirmiúlachtaí riaracháin a bhaineann leis an iasacht a chur i gcrích.

4. Nuair a bheidh árachas breise nó árachas sonrach ag teastáil le haghaidh misin dá bhforáiltear faoi Airteagal 7(3), íocfaidh SEGS na costais.

Airteagal 12

Am oibre

1. Gan dochar d'Airteagal 8(1)(h) maidir leis an oibleagáid cónaí ag suíomh na hiasachta, beidh feidhm de réir analaí maidir le SNInna ag na rialacha atá i bhfeidhm ag SEGS d'oifigigh maidir le ham oibre agus socruithe solúbtha oibre. Chun críocha an Chinnidh seo, ciallóidh aon tagairt don Údarás Ceapacháin sna rialacha seo Ceann na Rannóige atá freagrach as bainistiú ama.

2. Oibreoidh SNInna ar bhonn lánaimseartha ar feadh na tréimhse iasachta.

Faoi réir comhoiriúnacht le leas na seirbhíse, féadfaidh Ceann na Rannóige atá freagrach as bainistiú ama obair pháirtaimseartha a údarú do SNI, tar éis dó dul i gcomhairle leis an bhfostóir. Ní bheidh aon síneadh ar fhad na hiasachta mar thoradh ar an údarú chun obair pháirtaimseartha a dhéanamh.

3. I gcás ina n-údarófar obair pháirtaimseartha, beidh SNInna i dteideal liúntais faoin gCinneadh seo arna laghdú ar bhonn *pro rata*. Déanfar saoire bhliantúil de réir Airteagal 14 a laghdú ar bhonn *pro rata* freisin.

4. Féadfaidh an Stiúrthóir atá freagrach as acmhainní daonna a údarú go n-íocfar liúntais shonracha le SNInna as sealobair nó as dualgas fuireachais de réir analaí leis na rialacha atá i bhfeidhm ag SEGS d'oifigigh.

Airteagal 13

Neamhláithreacht ar chúiseanna breoiteachta nó tionóisce

1. Gan dochar do mhíreanna 2 agus 3, beidh feidhm maidir le SNInna ag na rialacha atá i bhfeidhm ag SEGS d'oifigigh maidir le saoire ar fhorais bhreoiteachta nó tionóisce ('saoire bhreoiteachta'). Chun críocha an Chinnidh seo, ciallóidh aon tagairt don Údarás Ceapacháin sna rialacha seo Ceann na Rannóige atá freagrach as bainistiú ama.

2. Ach amháin i gcás tinnis a bhaineann le toircheas, agus gan dochar d'Airteagal 23(2), an dara fleasc, i gcás inar faide an tréimhse saoire bhreoiteachta ná 3 mhí nó an tréimhse seirbhíse a dhéanann an SNI ag SEGS, cibé acu is faide, cuirfear íocaíocht na liúntas dá bhforáiltear in Airteagail 12(4) agus 17 ar fionraí go huathoibríoch. I gcásanna mar sin, tabharfaidh SEGS fógra don fhostóir. Ní féidir saoire bhreoiteachta dul thar thréimhse iasachta an SNI lena mbaineann.

3. Maidir le SNI a ghortaítear agus iad i mbun oibre le linn na hiasachta, leanfaidh siad de na liúntais dá bhforáiltear in Airteagail 17 agus 23(2) a fháil go hiomlán le linn na tréimhse nach bhfuil siad in ann a bheith ag obair agus suas go dtí deireadh thréimhse na hiasachta.

Airteagal 14

Saoire bhliantúil, saoire speisialta agus laethanta saoire

1. Gan dochar do mhír 2, beidh feidhm de réir analaí maidir le SNInna ag na rialacha atá i bhfeidhm ag SEGS maidir le saoire bhliantúil, saoire speisialta agus laethanta saoire d'oifigigh. Chun críocha an Chinnidh seo, ciallóidh aon tagairt don Údarás Ceapacháin sna rialacha seo Ceann na Rannóige atá freagrach as bainistiú ama.

2. Ar iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ón bhfostóir, féadfaidh Ceann na Rannóige atá freagrach as bainistiú ama suas le 3 lá de shaoire speisialta bhreise i dtréimhse 12 mhí a dheonú, tar éis dul i gcomhairle le bainisteoir líne an SNI.

3. Maidir le laethanta saoire bliantúla nach mbeidh tógtha faoi dheireadh na hiasachta, forghéillfear iad agus ní bheidh ceart chun cúitimh airgid mar thoradh orthu.

4. Tá SNInna i dteideal laethanta saoire baile, arna ríomh ar bhonn bliantúil, chun cuairt a thabhairt ar a n-áit tionscnaimh de réir Airteagal 6(1)(b). Déantar fad na saoire sin a ríomh ar bhonn an achair gheografaigh idir suíomh na hiasachta agus an áit tionscnaimh agus de réir analaí leis na rialacha maidir le hoifigigh SEGS lena gcuirtear Airteagal 7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis na Rialacháin Foirne chun feidhme.

Airteagal 15

Saoire mháithreachais agus saoire tuismitheora

1. Beidh feidhm de réir analaí maidir le SNInna ag na rialacha atá i bhfeidhm ag SEGS maidir le saoire mháithreachais d'oifigigh. Chun críocha an Chinnidh seo, ciallóidh aon tagairt don Údarás Ceapacháin sna rialacha seo Ceann na Rannóige atá freagrach as bainistiú ama.

2. I gcás ina ndeonaítear leis an reachtaíocht náisiúnta nó leis na rialacha ábhartha is infheidhme maidir leis an bhfostóir saoire mháithreachais níos faide ná na rialacha atá i bhfeidhm ag SEGS, féadfar an iasacht, ar iarraidh réasúnaithe ón SNI, a chur ar fionraí i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 3 d'Airteagal 9, ar feadh na tréimhse is faide ná an tréimhse a dheonaigh SEGS.

3. Ar iarraidh réasúnaithe ón SNI, agus de mhaolú ar Airteagal 9(3), féadfaidh an Stiúrthóir atá freagrach as acmhainní daonna, tar éis leas na seirbhíse a chur san áireamh agus faoi réir chomhaontú an fhostóra, síneadh ar fhad na hiasachta a údarú ar feadh tréimhse atá coibhéiseach le tréimhse na saoire máithreachais faoi mhíreanna 1 agus 2.

4. Má dhéantar foráil sa reachtaíocht náisiúnta nó sna rialacha náisiúnta is infheidhme maidir leis an bhfostóir maidir le saoire tuismitheora, féadfaidh SNI iarraidh réasúnaithe a thíolacadh chun an tsaoire sin a thógáil. Tar éis dul i gcomhairle leis an bhfostóir agus leas na seirbhíse á chur san áireamh, féadfaidh Ceann na Rannóige atá freagrach as bainistiú ama saoire do thuismitheoirí a údarú agus an iasacht a chur ar fionraí ar feadh tréimhse suas le 6 mhí. Beidh feidhm ag mír 3 de réir analaí maidir le saoire do thuismitheoirí.

Airteagal 16

Saoire agus am oibre a bhainistiú agus a rialú

Gan dochar d'fhorálacha sonracha sa Chinneadh seo maidir le bainistiú ama, is é bainisteoir líne an SNI nó, i gcás inarb infheidhme, an Ceann Toscaireachta a bheidh freagrach as formheas na rialacha is infheidhme maidir le saoire agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha sin, as bainistiú ama agus as socruithe solúbtha oibre, de réir analaí leis na rialacha is infheidhme ag SEGS maidir le hoifigigh. Chun críocha an Chinnidh seo, ciallóidh aon tagairt don Údarás Ceapacháin sna rialacha seo Ceann na Rannóige atá freagrach as bainistiú ama.

CAIBIDIL III

LIÚNTAIS AGUS SPEANSAIS

Airteagal 17

Liúntais

1. Beidh SNI i dteideal liúntas míosúil ar feadh thréimhse na hiasachta le haghaidh costais iompair, chun an iargúltacht gheografach idir an áit tionscnaimh agus suíomh na hiasachta a chur san áireamh. Gan dochar do nuashonruithe faoi mhíreanna 6 agus 7, socraítear méid an liúntais sin i gcomhréir leis an tábla seo a leanas:

Achar idir an áit tionscnaimh agus suíomh na hiasachta (km)	Méid in Euro
0-150	0,00
> 150	116,11
> 300	206,42
> 500	335,47
> 800	541,91
> 1 300	851,57
> 2 000	1 019,33

2. Ba cheart an teidlíocht ar liúntais laethúla a bheith bunaithe ar na critéir incháilitheachta chéanna leis an liúntas easaoránachta d'oifigigh SEGS dá dtagraítear in Airteagal 4 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. Má chomhlíontar na critéir sin, is é EUR 180,65 a bheidh sa liúntas laethúil, gan dochar do nuashonruithe ar an méid sin faoi mhíreanna 6 agus 7.

Tá an liúntas laethúil seo beartaithe mar liúntas cothaithe chun costais mhaireachtála an SNI ag suíomh na hiasachta a chumhdach. Tá leath amháin den liúntas laethúil beartaithe chun costais chóiríochta a bhaineann le cónaí sealadach ag suíomh na hiasachta a chumhdach, ach tá an leath eile den liúntas sin beartaithe chun costais chothaithe eile ag suíomh na hiasachta a chumhdach.

3. Íocfar na liúntais laethúla agus mhíosúla faoi mhíreanna 1 agus 2 go míosúil, tráth nach déanaí ná an lá deireanach den mhí, ar bhonn ráta comhréidh, agus ní fhorléireofar iad mar luach saothair arna íoc ag SEGS. Beidh na liúntais sin iníoctha in aghaidh gach lae féilire den tréimhse iasachta, lena n-áirítear le linn tréimhsí saoire bliantúla, saoire speisialta agus laethanta saoire faoi Airteagal 14, tréimhsí saoire máithreachais faoi Airteagal 15(1) agus le linn misean faoi Airteagal 7(3). Ní íocfar iad le linn tréimhsí fionraí na hiasachta faoi Airteagal 9 agus Airteagal 15(2) agus (4). Is é an t-údarás inniúil a údaraíonn íocaíocht na liúntas laethúil agus míosúil faoi mhíreanna 1 agus 2 Ceann na Rannóige atá i gceannas ar roghnú agus earcú.

4. Ar iarraidh réasúnaithe ón SNI agus leas na seirbhíse á chur san áireamh, féadfaidh Ceann na Rannóige atá i gceannas ar roghnú agus earcú eisíocaíocht réamhíocaíochta leis an SNI a údarú, ar réamhíocaíocht í arb ionann í agus 75 lá de na liúntais laethúla agus mhíosúla faoi mhíreanna 1 agus 2 agus, i gcás inarb infheidhme, faoi Airteagal 23(2), ó dháta tosaigh na hiasachta, agus leis sin tiocfaidh deireadh le teidlíocht ar aon liúntais bhreise mar sin le linn na tréimhse comhfhreagraí. Má thagann deireadh leis an iasacht roimh dhul in éag na tréimhse a chuirtear san áireamh chun an réamhíocaíocht a ríomh, tabharfaidh an SNI an méid a chomhfhreagraíonn don chuid atá fágtha den tréimhse sin ar ais.

5. Déanfaidh an fostóir aon íocaíochtaí seachas tuarastail a dhéantar leis an SNI a chainníochtú agus a sholáthar agus litreacha á malartú faoi Airteagal 4. Tabharfaidh an fostóir fógra do SEGS maidir le haon athruithe ar na híocaíochtaí sin le linn na hiasachta.

I gcás ina suífear go bhfaighidh an SNI liúntais óna fhostóir a bhfuil a gcineál agus a gcuspóir cosúil le cineál agus cuspóir na liúntas laethúil nó míosúil dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, leis an liúntas dálaí maireachtála dá dtagraítear in Airteagal 23(2), leis na bearta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 23(3), nó leis na liúntais sealoibre nó na liúntais

dualgais fuireachais dá dtagraítear in Airteagal 12(4), déanfaidh SEGS, i gcomhréir le hAirteagal 48, na liúntais chomhfhreagracha arna n-íoc ag SEGS le linn na hiasachta a asbhaint nó a aisghabháil. Ní rachaidh asbhaint ná aisghabháil an liúntais laethúil thar an gcuid chomhfhreagrach den liúntas sin a bhfuil an cineál céanna agus an cuspóir céanna aici. I gcás nach bhfuil ach cuid de na liúntais a dheonaíonn an fostóir cosúil leo siúd a dheonaíonn SEGS de ghnáth, déanfar an méid a chomhfhreagraíonn don chuid chomhchosúil de na liúntais a dheonaíonn an fostóir a asbhaint nó a aisghabháil ón méid a íocann SEGS.

6. Beidh na liúntais laethúla agus mhíosúla faoi mhíreanna 1 agus 2 faoi réir an ualaithe a shocraítear de bhun Airteagal 64 de na Rialacháin Foirne, arna nuashonrú go bliantúil.

7. Cuirfear na coigeartuithe ar luach saothair oifigigh SEGS a eascraíonn as cur chun feidhme Airteagal 65 de na Rialacháin Foirne i bhfeidhm, *mutatis mutandis*, maidir leis na liúntais laethúla agus mhíosúla faoi mhíreanna 1 agus 2 ón mí tar éis a dteacht i bhfeidhm. Beidh an tArd-Stiúrthóir um Bainistiú Acmhainní freagrach as an bhforáil seo a chur chun feidhme agus cuirfidh sé na SNInna ar an eolas faoi na méideanna nua trí shuíomh gréasáin inlín SEGS.

8. Ní chlúdóidh SEGS costais a bhaineann le naíolanna agus ionaid iarscoile arna mbainistiú ag ionad luath-óige an Choimisiúin Eorpaigh ná ag aon institiúid eile de chuid an Aontais, ná ní chlúdófar costais iompair go dtí an scoil. Clúdóidh SEGS costais scolaíochta a bhaineann le clárú i Scoil Eorpach de Chineál I i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún lena sainítear Reacht na scoileanna Eorpacha an 21 Meitheamh 1994 ([7]).

Airteagal 18

Speansais taistil

1. Beidh SNI i dteideal aisíocaíocht a fháil ar speansais taistil, ar an gcruthúnas ar cheannach a chur isteach, ag tús na hiasachta idir an áit tionscnaimh agus suíomh na hiasachta, agus ag deireadh na hiasachta, idir suíomh na hiasachta agus an áit tionscnaimh, mura rud é:

(a) gur comhaontaíodh an iasacht ar bhonn saor ó chostas de réir Airteagal 24; nó

(b) gurb ionann suíomh na hiasachta agus an áit tionscnaimh; nó

(c) go bhfuil cónaí ar an SNI cheana féin ag suíomh na hiasachta díreach roimh an iasacht; nó

(d) go bhfuil an SNI i dteideal aisíocaíocht a fháil ón bhfostóir ar na costais taistil.

2. De mhaolú ar mhír 1, SNI a shuífidh go n-athlonnóidh siad chuig áit seachas a n-áit bhunaidh ag deireadh a n-iasachta, beidh siad i dteideal aisíocaíocht a fháil ar na costais taistil chuig an áit nua sin. Mar sin féin, ní fhéadfaidh an aisíocaíocht sin a bheith níos mó ná an méid a d'íocfaí dá bhfillfeadh an SNI ar a n-áit tionscnaimh.

3. Déanfaidh SEGS costais taistil a aisíoc ar údarú ó Cheann na Rannóige atá i gceannas ar roghnú agus earcú, de réir analaí leis na rialacha is infheidhme ag SEGS maidir le hoifigigh, de bhun Airteagal 7(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne agus a fhorálacha cur chun feidhme arna nglacadh ag SEGS.

Airteagal 19

Speansais mhisin

Déanfaidh SEGS costais mhisin a aisíoc de réir analaí leis na rialacha is infheidhme ag SEGS maidir le hoifigigh, agus go háirithe le hAirteagail 11 agus 12 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne agus lena bhforálacha cur chun feidhme arna nglacadh ag SEGS.

([7]) An Coinbhinsiún lena sainítear reacht na scoileanna Eorpacha (IO L 212, 17.8.1994, lch. 3).

Airteagal 20

Oiliúint

Féadfaidh bainisteoir líne SNI cúrsaí oiliúna arna n-eagrú ag SEGS a thairiscint dóibh nó a cheangal orthu freastal orthu. Cinnfear cúrsaí oiliúna i gcomhréir le leas SEGS, agus leasanna pearsanta an SNI á gcur san áireamh, ag féachaint go háirithe do chomhlíonadh a ndualgas gairmiúil.

Airteagal 21

Foirmiúlachtaí riaracháin

1. SNI arb í an Bhruiséil suíomh a n-iasachta, tuairisceoidh siad don Stiúrthóireacht atá freagrach as acmhainní daonna ar an gcéad lá den iasacht chun na foirmiúlachtaí riaracháin is gá a chur i gcrích.

2. SNI arb í Toscaireacht de chuid an Aontais suíomh a n-iasachta, tuairisceoidh siad do Cheann na Rannóige ar an gcéad lá den iasacht chun na foirmiúlachtaí riaracháin is gá a chur i gcrích.

3. Déanfaidh SEGS liúntais faoi Airteagail 12(4), 17 agus 23 agus aisíocaíochtaí caiteachais faoin gCinneadh seo, in euro, trína n-aistriú chuig cuntas bainc le hinstitiúid baincéireachta i mBallstát den Aontas.

4. Arna iarraidh sin don SNI, féadfaidh Ceann na Rannóige atá i gceannas ar roghnú agus earcú deimhniú iasachta a sholáthar.

CAIBIDIL IV

SNInna A SHANNTAR DO THOSCAIREACHTAÍ DE CHUID AN AONTAIS

Airteagal 22

Rialacha maidir le SNInna a shanntar do Thoscaireachtaí de chuid an Aontais

1. Faoi réir na rialacha a leagtar amach sa Chaibidil seo, beidh feidhm ag forálacha an Chinnidh seo maidir le SNInna a shanntar do Thoscaireachtaí de chuid an Aontais.

2. I gcás SNInna a shanntar do Thoscaireacht de chuid an Aontais, déanfaidh SEGS na bearta is gá chun fógra a thabhairt dóibh don Stát glacaidh i gcomhréir le hAirteagal 10(1)(a) de Choinbhinsiún Vín ar Chaidreamh Taidhleoireachta an 18 Aibreán 1961 agus chun pribhléidí agus díolúintí taidhleoireachta a fháil, mar chomhaltaí d'fhoireann taidhleoireachta na Toscaireachta, de bhun chomhaontú bunaíochta na Toscaireachta sin sa Stát glactha.

3. Mar riail ghinearálta, ní shannfar SNInna do Thoscaireachtaí de chuid an Aontais i gcompúin fhoriata, mura mbeidh bonn cirt leis an sannadh sin agus leasanna slándála an Aontais á gcur san áireamh.

4. Comhoibreoidh SEGS le húdaráis ábhartha an Stáit glactha ina bhfuil an Toscaireacht de chuid an Aontais lonnaithe chun na húdaruithe uile is gá a fháil do na SNInna chun a ndualgais a chomhlíonadh. Tá dáta tosaigh iasacht an SNI de réir Airteagal 5(1) i dToscaireacht de chuid an Aontais faoi réir sheachadadh na n-údaruithe sin agus/nó chomhlíonadh na gceanglas maidir le víosaí iontrála arna leagan síos ag údaráis ábhartha an Stáit glactha, chun go mbeidh an SNI in ann dul i mbun dualgas ag suíomh na hiasachta.

Má dhiúltaítear aon cheann de na húdaruithe sin agus/nó aon víosa sin nó mura bhfaightear iad laistigh de thréimhse réasúnach ama agus leas na seirbhíse á chur san áireamh, déanfaidh an Stiúrthóir atá freagrach as acmhainní daonna an tairiscint iasachta a tharraingt siar. In imthosca eisceachtúla agus ar mhaithe leis an tseirbhís, féadfaidh an Stiúrthóir atá freagrach as acmhainní daonna, ina ionad sin, suíomh iasachta eile a chinneadh trí mhalartú litreacha eile.

Airteagal 23

Liúntais agus costais

1. Féadfaidh Ceann na Rannóige atá i gceannas ar roghnú agus earcú, arna iarraidh sin don SNI, na liúntais faoi Airteagail 17 agus 23(2), agus aisíocaíochtaí caiteachais faoin gCinneadh seo, a údarú a bheidh le híoc in airgeadra an tsuímh iasachta nó, i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo agus chun cumhacht cheannaigh a choinneáil, in airgeadra eile. Ansin beidh na liúntais faoi réir an ualaithe dá bhforáiltear in Airteagal 12 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, arna chur i bhfeidhm de réir analaí agus arna chomhshó ag an meánráta malairte míosúil comhfhreagrach arna fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Déanfar an liúntas dálaí maireachtála arna chinneadh d'oifigigh i gcomhréir le hAirteagal 10 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne agus lena fhorálacha cur chun feidhme arna nglacadh ag SEGS a chur i bhfeidhm de réir analaí maidir le SNInna a shanntar do Thoscaireachtaí de chuid an Aontais i dtríú tíortha. Is é a bheidh sa liúntas laethúil dá dtagraítear in Airteagal 17(2) an méid tagartha de réir bhrí Airteagal 10 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

Cuirfidh an Stiúrthóir atá freagrach as acmhainní daonna an ceart chun an liúntais dálaí maireachtála ar fionraí i gcásanna neamhláithreachta fada atá níos faide ná mí amháin ar shiúl ó shuíomh na hiasachta ar chúiseanna seachas saoire bhliantúil, mura bhfuil feidhm ag imthosca eisceachtúla, nó má tá ball teaghlaigh cleithiúnach i láthair ag suíomh na hiasachta. Beidh feidhm ag an bhfionraí don tréimhse neamhláithreachta a bheidh níos faide ná mí amháin. I gcásanna mar sin, déanfar an liúntas dálaí maireachtála a laghdú aon tríochadú cuid in aghaidh gach lae a bheidh duine as láthair ó shuíomh na hiasachta, ag tosú ar dháta na fionraí.

3. De réir analaí leis na rialacha is infheidhme ag SEGS maidir le hoifigigh, i gcás aslonnú Toscaireachta de chuid an Aontais, féadfaidh Ceann na Rannóige atá freagrach as aslonnú bearta airgeadais agus riaracháin a ghlacadh atá infheidhme maidir le SNInna, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí maidir le 'SNInna saor ó chostas' mar a shainmhínítear faoi Airteagal 24(2) agus mura bhforáiltear a mhalairt i malartú litreacha; féadfar a áireamh ar na bearta sin costais taistil, aisíocaíocht shealadach cóiríochta ag an áit aslonnaithe, liúntais aslonnaithe laethúla, liúntas dálaí maireachtála, saoire sosa, aistrithe agus stóráil, cumhdach táillí scolaíochta ag an áit aslonnaithe, bainistiú ama agus teilea-obair, misin agus socrú oibre malartach.

Cuirfear an fostóir ar an eolas faoi na bearta airgeadais agus riaracháin a ghlacfar. Cuirfidh an fostóir SEGS ar an eolas faoi aon íocaíochtaí a dhéantar leis na SNInna atá, go bunúsach, de chineál agus de chuspóir comhchosúil leis na bearta airgeadais agus riaracháin sin.

4. Ní sholáthróidh SEGS, i bprionsabal, lóistín agus is iad na SNInna a chlúdóidh costais lóistín leis na liúntais laethúla agus mhíosúla dá dtagraítear in Airteagal 17(1) agus (2).

5. De mhaolú ar an mír roimhe seo, i gcás inar gá é ar mhaithe le leasanna slándála na seirbhíse, féadfaidh Údarás Slándála SEGS lóistín a chur ar fáil i gcompúin fhoriata nó in áit eile mar sin, i gcomhréir le rialacha slándála ábhartha SEGS. I gcásanna mar sin, féadfaidh SEGS na costais lóistín ghaolmhara a íoc go hiomlán nó go páirteach, i gcomhréir le téarmaí a leagtar amach i malartú litreacha idir SEGS agus an fostóir.

6. Speansais taistil an SNI arna dtabhú chun *laissez-passer* a eisiúint de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1417/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos foirm an laissez-passer arna eisiúint ag an Aontas Eorpach ([8]) agus/nó chun freastal ar oiliúint réamhshannta éigeantach, déanfar iad a aisíoc faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 18, ach amháin má tá an SNI i dteideal aisíocaíocht a fháil ón bhfostóir ar na costais taistil sin.

Sa bhreis ar aisíocaíocht na gcostas taistil dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, maidir le costais chóiríochta agus chothaithe arna dtabhú ag SNInna sa Bhruiséil le linn na tréimhse údaraithe taistil chun *laissez-passer* a eisiúint agus/nó chun freastal ar oiliúint réamhshannta éigeantach, déanfar iad a aisíoc ar shonraisc agus/nó doiciméid tacaíochta a thabhairt ar aird, ach amháin má tá an SNI i dteideal aisíocaíocht a fháil ón bhfostóir ar na costais chóiríochta agus chothaithe sin. Ní rachaidh an aisíocaíocht sin ó SEGS, in aon chás, thar na teorainneacha laethúla dá bhforáiltear in Airteagal 13(2)(a) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

Is é Ceann na Rannóige atá i gceannas ar roghnú agus earcú an t-údarás inniúil a údaraíonn íocaíocht na n-aisíocaíochtaí sin.

([8]) IO L 353, 28.12.2013, lch. 26.

CAIBIDIL V

SAINEOLAITHE NÁISIÚNTA AR IASACHT SAOR Ó CHOSTAS

Airteagal 24

‘SNInna saor ó chostas’

1. Faoi réir na rialacha a leagtar amach sa Chaibidil seo, beidh feidhm ag forálacha an Chinnidh seo maidir le ‘SNInna saor ó chostas’.

2. Chun críocha an Chinnidh seo agus gan dochar d’aon chomhaontú éagsúil idir SEGS agus an fostóir, ciallóidh ‘*SNI saor ó chostas*’ SNI nach n-íocann SEGS, mura bhforáiltear a mhalairt, aon cheann de na liúntais dá bhforáiltear in Airteagail 17 agus 23(2) ina leith, agus nach gcumhdaíonn sé aon aisíocaíocht speansas dá bhforáiltear sa Chinneadh seo seachas iad siúd dá bhforáiltear in Airteagal 17(8) agus iad siúd a bhaineann le comhlíonadh a ndualgas le linn a dtréimhse iasachta faoi Airteagail 19 agus 20. Beidh feidhm ag Airteagal 23(5) maidir le ‘SNInna saor ó chostas’.

3. Féadfaidh an tArd-Stiúrthóir um Bainistiú Acmhainní, arna iarraidh sin don Stiúrthóir Bainistíochta ábhartha nó a choibhéis, a údarú go dtabharfaí ‘SNInna saor ó chostas’ ar iasacht chuig SEGS ar mhaithe leis an tseirbhís, ar bhonn cás ar chás, agus cuspóir a n-iasachta, cineál a saineolais, an obair atá le déanamh agus cothromaíocht gheografach na foirne in SEGS á gcur san áireamh, go háirithe.

CAIBIDIL VI

FOIREANN MHÍLEATA NÁISIÚNTA AR IASACHT

Airteagal 25

Rialacha is infheidhme maidir le foireann mhíleata náisiúnta ar iasacht

1. Faoi réir na rialacha a leagtar amach sa Chaibidil seo, beidh feidhm ag forálacha an Chinnidh seo maidir le:

(a) foireann mhíleata ar iasacht arna sannadh d’Fhoireann Mhíleata an Aontais Eorpaigh (‘EUMS’) de bhun Chinneadh 2001/80/CBES ón gComhairle an 22 Eanáir 2001 maidir le Foireann Mhíleata an Aontais Eorpaigh a bhunú ([9]), arna leasú le Cinntí 2005/395/CBES ([10]) agus 2008/298/CBES ([11]) ón gComhairle (‘Cinneadh 2001/80/CBES ón gComhairle, arna leasú’);

(b) foireann mhíleata ar iasacht arna sannadh do Stiúrthóireacht um Bainistiú Síochána, Slándála agus Cosanta SEGS (‘MD-PSD’).

2. Gan dochar don mhír roimhe seo, féadfaidh Ard-Stiúrthóir EUMS agus an Stiúrthóir Bainistíochta atá freagrach as an Stiúrthóireacht um Bainistiú Síochána, Slándála agus Cosanta socruithe breise a chinneadh maidir le foireann mhíleata ar iasacht a shannfar dá seirbhís faoi seach.

Airteagal 26

Coinníollacha maidir le hiasacht

1. Beidh foireann mhíleata ar iasacht ar sheirbhís íoctha i bhfórsaí armtha Ballstáit den Aontas le linn dóibh a bheith ar iasacht.

2. Féadfaidh an tArd-Stiúrthóir um Bainistiú Acmhainní a údarú go dtabharfaí comhalta d’fhórsaí armtha Ballstáit den Aontas ar iasacht do SEGS, ar comhalta é nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i bhfomhíreanna (b) agus (e) d’Airteagal 2(1) ach a bhfuil taithí ghairmiúil ábhartha aige ar an leibhéal riaracháin nó comhairleach agus a léiríonn ardleibhéal saineolais i réimse is gá do SEGS.

([9]) IO L 27, 30.1.2001, lch. 7.
([10]) IO L 132, 26.5.2005, lch. 17.
([11]) IO L 102, 12.4.2008, lch. 25.

Airteagal 27

Roghnú na foirne míleata le tabhairt ar iasacht do MD-PSD

1. I gcomhréir le leibhéal an fholúntais, údaróidh an Stiúrthóir Bainistíochta atá freagrach as MD-PSD nó Stiúrthóir na seirbhíse a bhfuil an folúntas aige do EUMS glao ar léiriú spéise a fhoilsiú i dTuarascáil EUMS maidir le Foirniú agus Láimhdeachas.

2. Is mar a leanas a sheolfar an nós imeachta roghnúcháin:

— trí phainéal roghnúcháin a gceapann Ceann na Rannóige Acmhainní Daonna a bhfuil roghnú agus earcú faoina chúram a chuid comhaltaí, agus arb é Ceann na Rannóige ina bhfuil an ball foirne míleata atá ar iasacht le sannadh a bheidh ina chathaoirleach; nó

— i gcás Comhairleoir Míleata Sinsearach nó Oifigeach Foirne Pearsanta don Chomhairleoir Míleata Sinsearach a roghnú, trí phainéal roghnúcháin a gceapann an tArd-Stiúrthóir um Bainistiú Acmhainní a chomhaltaí agus a bhfuil an Stiúrthóir Bainistíochta atá freagrach as MD-PSD ina chathaoirleach air.

Sa dá chás, beidh cúigear ball foirne ar a laghad as SEGS ar an leibhéal iomchuí ar an bpainéal roghnúcháin, lena n-áirítear an cathaoirleach, oifigeach AD amháin ó MD-PSD, ionadaí míleata amháin ar a laghad ó EUMS agus comhalta amháin ó rannán eile. Beidh fear amháin agus bean amháin ar a laghad ar an bpainéal roghnúcháin.

3. Bunóidh an painéal roghnúcháin liosta iarrthóirí a chuirfear faoi agallamh ar bhonn na gcoinníollacha a leagtar amach sa ghlao ar léiriú spéise agus i gcomhréir le beartas comhdheiseanna SEGS.

4. Cuirfidh an bord roghnúcháin a mholtaí isteach le haghaidh cinneadh críochnaitheach maidir leis an roghnú atá le déanamh:

— ag an Stiúrthóir Bainistíochta atá freagrach as MD-PSD nó ag Stiúrthóir na seirbhíse a bhfuil an post folamh aici; nó

— i gcás ina roghnaíonn Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh (‘EUMC’) Comhairleoir Míleata Sinsearach nó Oifigeach Foirne Pearsanta don Chomhairleoir Míleata Sinsearach.

Airteagal 28

Malartú litreacha

1. Maidir le foireann mhíleata ar iasacht, is mar a leanas a bheidh an malartú litreacha faoi Airteagal 4:

(a) chun comhalta d’fhórsaí armtha Bhallstát den Aontas a thabhairt ar iasacht mar Ard-Stiúrthóir EUMS, mar Leas-Ard-Stiúrthóir EUMS, mar Stiúrthóir EUMS nó mar Chomhairleoir Míleata Sinsearach nó Oifigeach Foirne Pearsanta don Chomhairleoir Míleata Sinsearach ag MD-PSD SEGS: idir an tArd-Stiúrthóir um Bainistiú Acmhainní agus Buanionadaíocht an Bhallstáit lena mbaineann de chuid an Aontais;

(b) maidir le gach iasacht eile d’fhoireann mhíleata ar iasacht arna sannadh do EUMS: idir Ard-Stiúrthóir EUMS agus Buanionadaíocht an Bhallstáit lena mbaineann;

(c) maidir le foireann mhíleata ar iasacht le MD-PSD: idir an tArd-Stiúrthóir atá freagrach as acmhainní daonna agus Buanionadaíocht an Bhallstáit lena mbaineann;

(d) maidir le foireann mhíleata ar iasacht le Toscaireachtaí de chuid an Aontais: idir an tArd-Stiúrthóir atá freagrach as acmhainní daonna agus Buanionadaíocht an Bhallstáit lena mbaineann.

2. Luafar sa mhalartú litreacha aon choinníoll maidir le rannpháirtíocht an bhaill foirne mhíleata ar iasacht i misin.

Airteagal 29

Fad na hiasachta

1. De mhaolú ar Airteagal 5(2), ní rachaidh fad tosaigh na hiasachta thar 4 bliana. Féadfar síneadh breise a chur leis an iasacht le cinneadh ón údarás inniúil faoi Airteagal 28(1), sa mhéid nach faide ná 6 bliana a fad iomlán.

2. Rachaidh tréimhse nach lú ná 2 bhliain in éag idir deireadh na tréimhse iasachta roimhe sin do bhall foirne míleata agus a iasacht nua chuig SEGS, mura rud é, i gcás SNInna atá sannta do EUMS, go n-údaraíonn Ard-Stiúrthóir EUMS maolú, i gcásanna eisceachtúla agus ar mhaithe leis an tseirbhís.

Airteagal 30

Cúraimí

1. Déanfaidh baill foirne mhíleata ar iasacht arna sannadh do EUMS nó do MD-PSD an misean a chomhlíonadh, na cúraimí a chur i gcrích agus na dualgais a shanntar dóibh a chomhlíonadh i gcomhréir leis an gCinneadh seo agus lena sonraíochtaí poist, agus, don fhoireann mhíleata ar iasacht arna sannadh do EUMS, i gcomhréir freisin leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2001/80/CBES ón gComhairle, arna leasú.

2. Mura sonraítear a mhalairt ar ordú ó EUMS nó ó MD-PSD, níl feidhm ag an teorainn ar chumhachtaí ionadaíochta a leagtar amach in Airteagal 7(4) maidir le foireann mhíleata ar iasacht atá sannta do EUMS nó do MD-PSD.

Airteagal 31

Imréiteach slándála

Sonrófar sa mhalartú litreacha faoi Airteagail 4 agus 28 an leibhéal iomchuí d'imréiteach slándála an bhaill foirne mhíleata ar iasacht.

Ní bheidh sé níos ísle ná EU SECRET/SECRET UE.

Airteagal 32

Fionraí agus foirceannadh iasachta

1. Chun críoch an iasacht a chur ar fionraí de bhun Airteagail 9, 13 agus 15, feidhmeoidh an t-údarás inniúil róil agus cumhachtaí an Stiúrthóra atá freagrach as acmhainní daonna faoi Airteagal 28(1).

2. Chun críocha fhoirceannadh na hiasachta de bhun Airteagal 10, is é an t-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 28(1) a fheidhmeoidh róil agus cumhachtaí an Stiúrthóra atá freagrach as acmhainní daonna.

Airteagal 33

Uaireanta oibre

Ní bheidh feidhm ag an dara fomhír d'Airteagal 12(2) maidir le foireann mhíleata ar iasacht.

Airteagal 34

Saoire speisialta

1. Chun críoch saoire speisialta a dheonú dá bhforáiltear in Airteagal 14(2), feidhmeoidh an t-údarás inniúil róil agus cumhachtaí an Stiúrthóra atá freagrach as acmhainní daonna faoi Airteagal 28(1).

2. Féadfaidh an t-údarás inniúil saoire speisialta bhreise gan phá a dheonú faoi Airteagal 28(1) le haghaidh oiliúint ón bhfostóir, faoi réir iarraidh chuí-réasúnaithe arna déanamh ag an bhfostóir.

Airteagal 35

Liúntais

Féadfar a shonrú sa mhalartú litreacha faoi Airteagail 4 agus 28 nach n-íocfar na liúntais dá dtagraítear in Airteagail 12(4) agus 17 leis an mball foirne míleata ar iasacht, agus nach n-aisíocfaidh SEGS speansais dá bhforáiltear sa Chinneadh seo seachas na speansais sin dá bhforáiltear in Airteagal 17(8) agus na speansais sin a bhaineann lena ndualgais a chomhlíonadh le linn a dtréimhse iasachta faoi Airteagail 19 agus 20.

CAIBIDIL VII

SAINEOLAITHE EILE AR IASACHT

Roinn 1

IASACHT OILIÚNA DO THAIDHLEOIRÍ SÓISEARACHA Ó BHALLSTÁIT AN AONTAIS

Airteagal 36

Incháilitheacht

1. Chun críocha na Caibidle seo, ciallóidh 'Taidhleoirí Sóisearacha' taidhleoirí a bhfuil níos lú ná 3 bliana de thaithí ghairmiúil acu i seirbhís taidhleoireachta a mBallstáit den Aontas Eorpach.

2. Faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a leagtar amach sa mhalartú litreacha faoi Airteagal 4, féadfaidh Taidhleoirí Sóisearacha a bheith incháilithe d'iasacht oiliúna sa Bhruiséil nó i dtoscaireacht de chuid an Aontais.

Airteagal 37

Stádas saor ó chostas

1. I gcomhthéacs an Chinnidh seo, measfar gur 'SNInna saor ó chostas' iad na Taidhleoirí Sóisearacha, de réir bhrí Airteagal 24, agus tá siad faoi réir na rialacha is infheidhme maidir leo.

2. I gcás ina roghnófar Taidhleoir Sóisearach le haghaidh iasacht oiliúna i dToscaireacht de chuid an Aontais, féadfaidh Ceann na Rannóige atá i gceannas ar roghnú agus earcú aisíocaíocht na speansas taistil a údarú i gcomhréir le hAirteagal 18, ach an buiséad a bheith ar fáil.

Airteagal 38

Rialacha cur chun feidhme

Féadfaidh an Stiúrthóir atá freagrach as acmhainní daonna socruithe breise a chinneadh maidir le hiasachtaí oiliúna do Thaidhleoirí Sóisearacha.

Roinn 2

OIFIGIGH GHARCHOSANTA

Airteagal 39

Oifigigh Gharchosanta a thabhairt ar iasacht

Tá ardleibhéal saineolais ag na hOifigigh Garchosanta ('OGanna') i réimse na cosanta armtha nach bhfuil le fáil i measc fhoireann SEGS. Féadfaidh Ballstáit an Aontais nó eagraíochtaí idirnáisiúnta iad a thabhairt ar iasacht do SEGS agus féadfar iad a shannadh do Thoscaireacht de chuid an Aontais chun slándáil ball foirne áirithe a áirithiú.

Airteagal 40

Rialacha is infheidhme maidir le OGanna

1. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh Ardrúnaí SEGS creatsocruithe riaracháin a thabhairt i gcrích leis an bhfostóir, a ndéanfaidh údaráis ábhartha an Bhallstáit den Aontas nó an eagraíocht idirnáisiúnta lena mbaineann ionadaíocht thar a cheann, chun na rialacha agus na coinníollacha a leagan síos maidir le OGanna a thabhairt ar iasacht do SEGS lena sannadh i dToscaireachtaí an Aontais.

2. Beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir le OGanna a thabhairt ar iasacht:

— tá forálacha an Chinnidh seo, faoi réir na rialacha a leagtar amach sa roinn seo,

— na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach sa mhalartú litreacha faoi Airteagal 4, agus

— na socruithe riaracháin dá dtagraítear i mír 1.

3. Faoi réir na bhforálacha a leagtar amach sna socruithe riaracháin, féadfaidh SEGS costas an árachais cúraim sláinte dá dtagraítear in Airteagal 11(2) a chumhdach.

Airteagal 41

Coinníollacha agus fad na hiasachta

1. De mhaolú ar Airteagal 2(1)(e), beidh OGanna incháilithe freisin má tá eolas cuimsitheach acu ar cheann amháin de theangacha an Aontais agus eolas sásúil ar dhara teanga, Fraincis nó Béarla más féidir, chun a ndualgais a chomhlíonadh.

2. Saineofar fad iasacht na OGanna sna socruithe riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 40(1) agus sa mhalartú litreacha faoi Airteagal 4.

Airteagal 42

Imréiteach slándála

Sonrófar sa mhalartú litreacha faoi Airteagal 4 leibhéal iomchuí imréiteach slándála na OGanna ar iasacht.

Ní bheidh sé níos ísle ná EU SECRET/SECRET UE.

Roinn 3

COMHAIRLEOIRÍ MÍLEATA

Airteagal 43

Rialacha is infheidhme maidir le Comhairleoirí Míleata ar iasacht

1. Féadfaidh Ballstáit an Aontais Comhairleoirí Míleata a thabhairt ar iasacht do SEGS lena sannadh do Thoscaireachtaí an Aontais chun a gcuid eolais agus saineolais mhíleata a sholáthar.

2. Faoi réir na rialacha a leagtar amach sa roinn seo, beidh feidhm ag forálacha an Chinnidh seo maidir le Comhairleoirí Míleata ar iasacht.

3. Tá roghnú na gComhairleoirí Míleata ar iasacht faoi réir an nós imeachta a chuirtear ar fáil d'fhoireann mhíleata ar iasacht atá sannta do EUMS.

4. Tá iasacht Comhairleoirí Míleata faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a leagtar amach sa mhalartú litreacha faoi Airteagal 4. Ní rachaidh tréimhse thosaigh na hiasachta thar 4 bliana agus is gá formhuiniú ó EUMC a fháil d'aon síneadh a chuirfear leis an iasacht, faoi nós imeachta an tosta.

5. Chun críocha Airteagal 22(2), tabharfar fógra faoi Chomhairleoirí Míleata ar iasacht mar 'Ataiséanna Cosanta' i gcomhréir leis an ngnáthchleachtas taidhleoireachta agus i gcomhréir le hAirteagal 7 de Choinbhinsiún Vín ar Chaidreamh Taidhleoireachta an 18 Aibreán 1961. Tá tús na hiasachta de réir Airteagal 5(1) faoi réir fhormheas a gceaptha agus, más infheidhme, faoi réir chomhlíonadh na gceanglas eile arna leagan síos ag údaráis ábhartha an Stáit glactha.

Airteagal 44

Imréiteach slándála

Sonrófar sa mhalartú litreacha faoi Airteagal 4 leibhéal iomchuí imréiteach slándála na gComhairleoirí Míleata ar iasacht.

Ní bheidh sé níos ísle ná EU SECRET/SECRET UE.

Roinn 4

PEARSANRA NA BHFÓRSAÍ SLÁNDÁLA

Airteagal 45

Pearsanra na bhFórsaí Slándála a thabhairt ar iasacht

1. Féadfar Pearsanra na bhFórsaí Slándála a thabhairt ar iasacht do SEGS lena shannadh do Chumas Faire EUMS chun pointe teagmhála 24/7 a sholáthar don fhaisnéis uile a bhaineann le hoibríochtaí, misin agus gníomhaíochtaí tacaíochta míleata agus sibhialtacha an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta atá ar siúl faoi láthair nó atá beartaithe.

2. Tá Pearsanra na bhFórsaí Slándála ar iasacht i gceannas ar dhualgais slándála poiblí agus beidh sé ar sheirbhís íoctha ag Ballstát den Aontas le linn a dtréimhse iasachta.

3. Tá Pearsanra na bhFórsaí Slándála ar iasacht faoi réir fhorálacha an Chinnidh seo, cé is moite de Chaibidil IV agus Airteagail 26(1), 27 agus 30(2).

4. Tá roghnú Phearsanra na bhFórsaí Slándála ar iasacht faoi réir, de réir analaí, an nós imeachta a chuirtear ar fáil d'fhoireann mhíleata ar iasacht atá sannta do EUMS.

CAIBIDIL VIII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 46

Gearáin

1. Féadfaidh SNI gearán a chur faoi bhráid an Ard-Stiúrthóra um Bainistiú Acmhainní i gcoinne gníomh arna ghlacadh ag SEGS faoin gCinneadh seo a dhéanann dochar dóibh, cé is moite de ghníomhartha nó de chinntí ar iarmhairtí díreacha iad ar chinntí arna ndéanamh ag an bhfostóir. I gcás inar ghlac an tArd-Stiúrthóir um Bainistiú Acmhainní an gníomh a chonspóidtear, cuirfear an gearán faoi bhráid an Ardrúnaí.

2. Déanfar an gearán a thaisceadh laistigh de 3 mhí ón dáta a thugtar fógra faoin gcinneadh don saineolaí náisiúnta ar iasacht. Laistigh de 4 mhí ón dáta a taisceadh an gearán, tabharfaidh an tArd-Stiúrthóir um Bainistiú Acmhainní nó, i gcás inarb infheidhme, an tArd-Rúnaí, fógra don SNI faoina chinneadh réasúnaithe. Más rud é, ag deireadh na tréimhse sin, nach bhfuarthas aon fhreagra ar an ngearán, measfar gurb ionann an méid sin agus cinneadh intuigthe diúltú dó.

3. I gcás ina ndiúltófar dá ngearán, féadfaidh an SNI imeachtaí a thionscnamh os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 263 CFAE agus, más infheidhme, faoi Airteagal 268 CFAE.

Airteagal 47

Iarratais ar chúnamh

Féadfaidh SNInna cúnamh a iarraidh go háirithe in imeachtaí in aghaidh aon duine a dhéanfaidh bagairtí, gníomhartha nó ráitis mhaslacha nó chlúmhillteacha, nó ionsaí ar dhuine nó ar mhaoin a bhainfidh leo féin nó le ball dá dteaghlach de bharr a bpoist nó a ndualgas.

Féadfaidh SNInna cúiteamh a iarraidh as damáiste a fulaingíodh i gcásanna den sórt sin, a mhéid nach ndearna saineolaithe náisiúnta ar iasacht damáiste, d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí, agus nach raibh siad in ann cúiteamh a fháil ón duine ba chúis leis.

Airteagal 48

Aisghabháil íocaíochtaí neamhdhlite

Déanfar aon íocaíocht iomarcach a aisghabháil dá mb'eol don SNI nach raibh cúis chuí leis an íocaíocht nó i gcás ina raibh sé chomh soiléir sin gur íocaíocht iomarcach a bhí inti nárbh fhéidir nach raibh siad ar an eolas faoi.

Is é an Stiúrthóir atá freagrach as acmhainní daonna a dhéanfaidh an iarraidh ar aisghabháil tráth nach déanaí ná 5 bliana ón dáta a íocadh an tsuim. I gcás ina bhféadfaidh SEGS a shuí gur chuir SNI an riarachán ar míthreoir d'aon ghnó d'fhonn an tsuim lena mbaineann a fháil, ní bheidh an iarraidh aisghábhála neamhbhailí fiú má tá an tréimhse sin thart.

Airteagal 49

Rialacha araíonachta

Leanfaidh SNInna de bheith faoi réir a rialacha náisiúnta araíonachta.

Airteagal 50

Teacht i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm aige ón gcéad lá den mhí tar éis a theacht i bhfeidhm maidir le gach iasacht nua nó gach síneadh ar iasacht.

3. Maidir le forálacha Chinneadh HR DEC(2014) 01 ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 4 Feabhra 2014 lena mbunaítear na rialacha is infheidhme maidir le Saineolaithe Náisiúnta ar iasacht chuig an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, arna leasú le Cinneadh HR(2014) 11 an 16 Nollaig 2014, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu maidir le hiasachtaí leanúnacha nach gcumhdaítear le mír 2 go dtí go mbeidh deireadh leo.

4. Leis an gCinneadh seo, déantar Cinneadh HR DEC(2014) 01 ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 4 Feabhra 2014 lena mbunaítear na rialacha is infheidhme maidir le Saineolaithe Náisiúnta ar iasacht chuig an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, chomh maith le Cinneadh HR(2014) 11 an 16 Nollaig 2014, a aisghairm agus a ionadú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Iúil 2026.

Kaja KALLAS
Ardionadaí an Aontais
do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála